An Coimisiún Pleanála

## An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

## FÓGRA FAOI FHAISNÉIS SHUNTASACH BHREISE CHUIG AN gCOIMISIÚN PLEANÁLA I LEITH TIONSCADAL FUINNIMH GAOITHE AMACH ÓN gCÓSTA FAOI UIMHIR THAGARTHA ABP-319799-24

### Comhairle Contae Lú

I gcomhréir le fo-alt 292(2)(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, tugann an Coimisiún Pleanála fógra faoi fhaisnéis shuntasach bhreise a fuarthas ó Oriel Windfarm Limited i ndáil leis an bhforbairt bheartaithe seo a leanas dá ngairtear Feirm Ghaoithe Oiriall.

Tá an fhorbairt bheartaithe suite sna Bailte Fearainn seo a leanas i gCo. Lú: Dún Áine, Baile Mhistéala, An Port, Baile Niocóil (Toghroinn an Dísirt i mBarúntacht Fhir Arda), Baile Bhois, An Tóchar, Cluain Mhór, Tulaigh Dhónaill, Baile an Chorraigh (Toghroinn Dhroim Chora i mBarúntacht Bhaile Átha Fhirdhia), Baile an Chorraigh (Toghroinn Dhún Léire i mBarúntacht Fhir Arda), Droim Chora, Muileann Cros, Baile an Ghleantúnaigh, Droim Gabhail, Baile Risteaird (Toghroinn Thigh Beannáin i mBarúntacht Bhaile Átha Fhirdhia), Baile Anraí agus Tigh Cillín.

Tá na príomhghnéithe seo a leanas i gceist leis an bhforbairt bheartaithe:

A. Bonneagar fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta sa limistéar muirí amuigh a bheidh suite thart ar 6 km ó dheas ó Rinn Chuaille agus thart ar 10 km soir ó thuaidh ó Rinn Dhún Áine ar limistéar feirme gaoithe amach ón gcósta ina mbeidh thart ar 27.7 km$^2$ agus ina mbeidh na nithe seo a leanas:
   i. 25 cinn de thuirbíní gaoithe amach ón gcósta a mbeidh a n-airde uasta goib 270 m os cionn na taoide réalteolaíche is ísle, a bheidh ceangailte le grinneall na farraige trí bhunsraitheanna aonphíle ar a mbeidh cosaint ghaolmhar sciúrtha agus ag a mbeidh Toilleadh Uasta Easpórtála 375 MW.
   ii. Líonra 41 km de cháblaí idir-eagair fomhuirí 66 kV lena nascfar gach ceann de na tuirbíní gaoithe beartaithe amach ón gcósta leis an bhfostáisiún amach ón gcósta, lena n-áireofar cosaint ghaolmhar cáblaí.
   iii. Fostáisiún amach ón gcósta amháin a mbeidh a airde 48 m os cionn na taoide réalteolaíche is ísle, a bheidh ceangailte le grinneall na farraige trí bhunsraith aonphíle ar a mbeidh cosaint ghaolmhar sciúrtha. Áireofar leis sin struchtúr réamhdhéanta ina mbeidh trealamh leictreach agus trealamh coimhdeach, lena n-áireofar crann teileachumarsáide.

B. Cábla easpórtála fomhuirí aonair 220 kV a bheidh 16 km ar fad agus cosaint ghaolmhar cáblaí, a bheidh suite laistigh de chonair cáblaí amach ón gcósta ina mbeidh thart ar 25 km$^2$ agus a bheidh suite idir an cúinne thiar theas den limistéar feirme gaoithe amach ón gcósta. Beidh an áit teacht i dtír suite thart ar 700 m ó dheas ó Rinn Dhún Áine.

C. Bá siúntála trasdula faoi thalamh ag an áit bheartaithe teacht i dtír i mbaile fearainn Dhún Áine. Is é a bheidh sa bhá siúntála trasdula ná seomra coincréite a bheidh curtha go hiomlán agus ina mbeidh achar iomlán 32.5 m$^2$, áit a mbeidh an cábla easpórtála beartaithe amach ón gcósta nasctha leis na cáblaí easpórtála faoi thalamh ar an gcladach.

D. Cáblaí easpórtála faoi thalamh ar an gcladach a shuiteáil, a bheidh thart ar 20.1 km ar fad agus lena nascfar an bá siúntála trasdula i mbaile fearainn Dhún Áine leis an bhfostáisiún beartaithe ar an gcladach i mbaile fearainn Thigh Cillín. Beidh na cáblaí leagtha i dtrinse caighdeánach a bheidh thart ar 700 mm ar leithead agus 1425 mm ar domhain.

E. Cáblaí snáthoptaice, cáblaí teileachumarsáide agus cáblaí gaolmhara eile a shuiteáil, agus iad go léir suite i nduchtanna faoi thalamh laistigh den trinse beartaithe.

F. Dhá cheann sa bhreis de dhuchtanna cáblaí snáthoptaice, a bheidh thart ar 1500 mm ar leithead, a shuiteáil laistigh den trinse cáblaí faoi thalamh ón bhfostáisiún beartaithe ar an gcladach i mbaile fearainn Thigh Cillín feadh an N33 ar feadh thart ar 3 km agus a bheidh nasctha le tacar cuaillí adhmaid dúbailte 110 kV ar líne lasnairde láithreach 110 kV Dhroichead Tirim-Lú i mbaile fearainn Bhaile Risteaird (Toghroinn Thigh Beannáin).

G. Chun na cáblaí a shuiteáil, beidh gá le bánna siúntála agus nascbhoscaí gaolmhara, a bheidh suite thart ar gach 700 m ó chéile feadh ailíniú na gcáblaí faoi thalamh. Chun na cáblaí a shuiteáil, beidh gá freisin le bánna scoite sealadacha a thógáil agus le húsáid a bhaint as claondruileáil chothrománach nó as teicnící tógála gearrtha oscailte le haghaidh trasrianta fóntais uisce, iarnróid, gáis agus mótarbhealaigh.

H. Fostáisiún leictreachais nua ar an gcladach in aice leis an nascphointe beartaithe i mbaile fearainn Thigh Cillín. Cuimseoidh an fostáisiún ar an gcladach na príomhghnéithe seo a leanas:
   i. Nasc Tarchurtha ar an gCladach ar Chompún 1, rud ina mbeidh:
      - Lascthrealamh inslithe gáis 220 kV a bheidh suite laistigh d'fhoirgneamh a bheidh thart ar 20 m x 60 m agus a bheidh 17 m ar airde.
      - Sé cinn de chuaillí cosanta tintrí a bheidh thart ar 3 m ar airde agus a bheidh suite ar uchtbhalla an fhoirgnimh lascthrealaimh inslithe gáis.
      - Crann teileachumarsáide cruach laitíse a bheidh 36 m ar airde.
      - Cúig cinn de spásanna páirceála gaolmhara, bóthar rochtana inmheánach a bheidh 5 m ar leithead, agus claochladán tí.
   ii. Córas Tarchurtha Amach ón gCósta ar Chompún 2, rud ina mbeidh:
      - Lascthrealamh aerinslithe 220 kV a bheidh thart ar 10 m ar airde, lena n-áireofar bá claochladáin, dhá cheann de bhánna scagaire armónaigh, bá imoibriúcháin seachróid, dhá cheann de bhánna cáblaí, busbarra 220 kV, agus trealamh rialaithe coimhdeach.
      - Foirgneamh rialaithe a bheidh 34 m x 10 m agus a bheidh 11 m ar airde, agus 6 cinn ar a mhéad de chuaillí cosanta tintrí a bheidh thart ar 3 m ar airde agus a bheidh suite ar uchtbhalla an fhoirgnimh.
      - Foirgneamh cúititheora stataigh shioncronaigh a bheidh 14 m x 28 m agus a bheidh 10 m ar airde, agus trealamh coimhdeach gaolmhar.
      - Cuirfear laistigh den chompún 12 cheann de chuaillí cosanta tintrí a bheidh thart ar 20 m ar airde. Áireofar leis crann teileachumarsáide cruach laitíse a bheidh thart ar 36 m ar airde, gineadóir díosail cúltaca, agus claochladán tí.
      - Ceithre cinn de spásanna páirceála gaolmhara agus bóthar rochtana inmheánach a bheidh 5 m ar leithead.
   iii. Compún isteach lena soláthrófar rochtain ar Chompún 1 agus ar Chompún 2 agus lena n-áireofar:
      - Foirgneamh teileachumarsáide a bheidh 15 m x 4 m agus a bheidh 4 m ar airde.
      - Gineadóir díosail cúltaca agus spás páirceála amháin.
   iv. Comhlimistéir:
      - Timpeall na gcompún uile, beidh fál glas pailise slándála/geataí glasa pailise slándála a bheidh 2.6 m ar airde.
      - Leathnófar an bealach isteach láithreach go 6 m ar leithead.
      - Timpeall an láithreáin, beidh fál/geataí maoine a bheidh 1.4 m ar airde.
      - An tírdhreachú gaolmhar ar fad.
      - Na hoibreacha forbartha láithreáin gaolmhara uile eile amhail bonneagar uisce dromchla agus umair mhaolúcháin chun an fhorbairt a éascú.

I. Tógfar dhá cheann de chrainn comhéadain cáblaí líne a bheidh 27 m ar airde in aice leis an bhfostáisiún ar an gcladach. Chun déanamh amhlaidh, beidh gá leis an túr láithreach 220 kV (atá 31 m ar airde) agus an bonneagar gaolmhar láithreach a dhíchoimisiúnú.

J. Compún tógála sealadach a bheidh suite in aice leis an bhfostáisiún ar an gcladach agus ina mbeidh thart ar 12,850 m$^2$, lena n-áireofar limistéir leasa agus stórála. Trí cinn sa bhreis de chompúin tógála shealadacha a bheidh suite feadh an bhealaigh cáblaí ar an gcladach, ina mbeidh idir 3,000 m$^2$ agus 4,200 m$^2$, agus ocht gcinn de chompúin shealadacha chlaondruileála cothrománaí (ceithre chompún easbhóthair) ina mbeidh idir 100 m$^2$ agus 4,500 m$^2$.

K. An fhorbairt ghaolmhar agus choimhdeach ar fad os cionn talún agus faoi bhun talún, a chuimseoidh oibreacha tógála, oibreacha bóthair, tochailt (lena n-áirítear claondruileáil chothrománach) agus glanadh fásra, nó a mbeidh oibreacha den sórt sin i gceist leo.

Cuireadh Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura isteach mar chuid den iarratas seo.

Déanfar iarratas ar leith ar chead um Dhumpáil ar Farraige chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun dumpáil aon ábhar ar farraige a rialáil. Deimhnímid gur neamhdheimhnithe atá mionsonraí áirithe faoin bhforbairt bheartaithe agus go bhfuil tuairim ar mhionsonraí neamhdheimhnithe ag gabháil leis an iarratas pleanála.

Beidh an fhaisnéis shuntasach bhreise, lena n-áirítear aguisín a ghabhann leis an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus aguisín a ghabhann leis an Ráiteas Tionchair Natura, ar fáil lena hiniúchadh saor in aisce nó lena ceannach ar tháille shonraithe (nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh) a íoc le linn uaireanta oscailte don phobal, ar feadh tréimhse dar tús an 18 Márta 2026 de 8 seachtaine, sna láithreacha seo a leanas:

Oifigí an Choimisiúin Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1

Oifig Pleanála Chomhairle Contae Lú, Halla an Bhaile, Sráid Crowe, Dún Dealgan, Co. Lú, A91 W20C

Cuirfear na doiciméid ar fáil lena léamh/lena n-íoslódáil ó shuíomh Gréasáin an Choimisiúin, https://www.pleanala.ie/en-ie/case/319799.

Is féidir na doiciméid a léamh/a íoslódáil ar an suíomh Gréasáin seo a leanas freisin: www.orielwindfarm-marineplanning.ie

Ní fhéadfar aighneachtaí a dhéanamh chuig an gCoimisiún Pleanála nó tuairimí a thabhairt dó i ndáil leis an bhfaisnéis shuntasach bhreise trí scríobh chuige ag 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, nó ar líne ag www.pleanala.ie le linn na tréimhse thuasluaite ocht seachtaine ach amháin i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(i) impleachtaí na forbartha beartaithe do phleanáil spáis mhuirí,

(ii) impleachtaí na forbartha beartaithe do phleanáil chuí agus forbairt inchothaithe, agus

(iii) na héifeachtaí is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol nó ar aon láithreán Eorpach má dhéantar é.

Ní mór táille €50 a bheith ag gabháil le haon aighneachtaí/tuairimí (ach amháin i gcás comhlachtaí forordaithe áirithe). Ní bheidh aon táille le híoc chun aighneacht a dhéanamh i gcás na bpáirtithe/na ndaoine aonair sin a rinne aighneacht bhailí scríofa chuig an gCoimisiún maidir leis an iarratas cheana féin. Ní mór aighneachtaí nó tuairimí a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 13 Bealtaine 2026. Ní mór an fhaisnéis seo a leanas freisin a bheith ar áireamh in aighneachtaí/tuairimí den sórt sin:

(a) ainm an duine atá ag déanamh na haighneachta nó atá ag tabhairt na tuairime, ainm an duine atá ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann, más ann, agus a..n seoladh chuig ar cheart aon chomhfhreagras a bhaineann leis an aighneacht nó leis an tuairim a sheoladh;

(b) ábhar na haighneachta nó na tuairime;

(c) na cúiseanna, na cúinsí agus na hargóintí ar a bhfuil an aighneacht nó an tuairim bunaithe ina hiomláine.

Ní fhéadfaidh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar aon aighneacht nó tuairim nach gcomhlíonann na ceanglais thuas.

Ba cheart aon cheisteanna a bhaineann leis an bhfaisnéis shuntasach bhreise a chur ar an Rannóg Mhuirí de chuid an Choimisiúin Pleanála (Teil.: 01 8588100).

Féadfaidh duine bailíocht aon chinnidh ón gCoimisiún a cheistiú trí bhíthin iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir alt 50 agus alt 50A den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

Féadfar faisnéis phraiticiúil faoin sásra athbhreithnithe a rochtain ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin Pleanála (www.pleanala.ie) nó ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh ag www.citizensinformation.ie.